



Éire Shláintiúil

Ciarraí Sláintiúil

Creat Chiarraí Sláintiúil

2021-2027



CLÁR

Liosta Táblaí, Léaráidí agus Giorrúchán	ii
Brollaigh	iii

CUID A: RÉAMHRÁ

Creat um Éire Shláintiúil	1
Feachtais um Éire Shláintiúil chun Tacú le Sláinte agus Folláine in Éigeandáil COVID-19.....	3
Struchtúir Rialachais agus Bhainisteoireachta i dtaca le Creat Chiarraí Sláintiúil	4

CUID B: LEAGAN AMACH AN CHONTAE

Leagan Amach Déimeagrafach	7
Leagan Amach Ó Thaobh Aoise	8
Náisiúntacht agus Eitneacht	10
Leagan Amach Ó Thaobh Sláinte	10
Daoine Faoi Mhíchumais	11
Éagothromais Ó Thaobh Sláinte	12
Stádas Socheacnamaíoch	12
Oideachas	13
Fostaíocht / Struchtúr an Gheilleagair	14
Stracfhéachaint ar Leagan Amach an Chontae	16

CUID C: FÍS, COLÚIN STRAITÉISE AGUS CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL CHUN CIARRAÍ SLÁINTIÚIL A BHAINT AMACH

Fís Chiarraí Sláintiúil	18
Colún Straitéise 1: Pobail Shláintiúla	19
Colún Straitéise 2: Folláine sa Láthair Oibre / An Chianobair	20
Colún Straitéise 3: Creataí Beartais	21

CUID D: CUR I BHFEIDHM AGUS FAIREACHÁN 22 |

BALLRAÍOCHT 24 |

SONRAÍ DE CHIARRAÍ SLÁINTIÚIL

An Dr. Deirdre Hegarty
Comhordaitheoir Chiarraí Sláintiúil
Aonad Pobail agus Turasóireachta
Comhairle Contae Chiarraí
Áras an Chontae
Ráth Teas, Trá Lí, Contae Chiarraí, V92 H7VT

Ríomhphost HealthyKerry@kerrycoco.ie
Guthán 066 7183680
Facebook @HealthyCountyKerry
Twitter @HealthyKerry
Láithreán Gréasáin
#CiarraíSláintiúil

LIOSTA TÁBLAÍ, FIGIÚIRÍ AGUS GIORRÚCHÁN

TÁBLAÍ

Tábla 1. Athruithe ar an Daonra i mBailte Moil, Réigiúnacha agus Ceantair i gCiarraí ó 2006-2016.....	7
Tábla 2. An leibhéal oideachais is airde a baineadh amach i gCiarraí agus sa Stát, Daonáirimh 2006, 2011 agus 2016.....	14
Tábla 3. Fostaíocht i gCiarraí de réir earnála	15

LÉARÁIDÍ

Léaráid 1. Cinntithigh Shóisialta na Sláinte	2
Léaráid 2. Céatadán an daonra de réir inscne in aoischohóirt shainithe i gCiarraí agus sa Stát, Daonáireamh 2016	9
Léaráid 3. Stádas féintuairiscithe sláinte i gCiarraí agus sa Stát, Daonáireamh 2016.	11
Léaráid 4. Rafaireacht agus díothacht de réir ceantair bhig i gContae Chiarraí, Innéacs Díothachta Pobal 2016	13
Léaráid 5. Líon na bhfiontar gníomhach de réir méide - Ciarraí - An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) 2018	15
Léaráid 6. Líníocht de ‘Phobal Sláintiúil’ ag cruinniú comhairliúcháin Chiarraí Sláintiúil, Meitheamh 2019.....	19
Léaráid 7. Líníocht d’‘Fholláine sa Láthair Oibre’ ag cruinniú comhairliúcháin Chiarraí Sláintiúil, Meitheamh 2019	20

GIORRÚCHÁIN

POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh
CSLDÓ	Coiste na Seirbhísí do Leanáí agus do Dhaoine Óga
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
CCC	Comhairle Contae Chiarraí
PSÁC	Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí
CFÁP	Coiste Forbartha Áitiúla Pobail
PÁEP	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
OTM	Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
LRP	Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Brollach ó Chathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí



Mar Mhéara Chiarraí, tá lúcháir orm an chéad Chreat um Chiarraí Sláintiúil, arb é a bheidh ann ná cuid dhílis riachtanach d’obair mo chomhghleacaithe tofa agus d’obair bhainisteoireacht Chomhairle Contae Chiarraí sna blianta atá amach romhainn. Má tá aon rud múinte dúinn ag paindéim COVID-19, is é go bhfuil cothú an nós shláintiúil mhaireachtála, ar gach slí, riachtanach dár saol agus dár bhfolláine. Tugann an Creat seo um Chiarraí Sláintiúil sraith d’aidhmeanna tábhachtacha agus de chuspóirí tábhachtacha a bhféadfaimid oibriú ina dtreo agus a bhféadfaimid cur leo sna blianta atá amach romhainn. Tá na comhairleoirí tofa meáite go hiomlán ar thacú leis an tionscnamh sin agus táim ag súil le bheith ag obair le gach duine a d’oibrigh ar mhaithe le cruthú an Chreata seo sna blianta atá amach romhainn.

An Comhairleoir Patrick Connor-Scarteen
Cathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí

Brollach ó Chathaoirleach Choiste Forbartha Áitiúla Pobail Chiarraí



Is éard atá sa chreat seo ná toradh na míonna líonmhara oibre atá déanta ag Coiste Chiarraí Sláintiúil, i gcomhairle leis na heochairpháirtithe leasmhara agus leis na príomh-chomhpháirtithe oibre. Cuireann sé le cúram sláinte agus folláine Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí 2016-2021 agus tarraingíonn sé léargais ó chlár nuálacha éifeachtacha na sláinte agus folláine a sholáthraíonn Coiste Chiarraí Sláintiúil as an gCiste um Éire Shláintiúil. Bíonn cáil ar Chiarraí mar áit láidir oibre idir na gníomhaireachtaí agus mar áit ina ndeintear obair dheonach agus obair phobail den scoth, rudaí a bhíonn ríthábhachtach ó thaobh sláinte agus folláine an phobail a chinntiú agus ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na héagothromais sláinte. Aithníonn Coiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP) Chiarraí go mbíonn gá le cur chuige leanúnach i dtreo na comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar chinntithigh leathana na sláinte agus chun dul i ngleic leis na héagothromais sláinte i gCiarraí. Mar sin, táimid meáite ar oibriú leis na heochairpháirtithe leasmhara ar fad chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar na dtionscnamh agus na gclár éifeachtach sa todhchaí de réir na gcolún straitéise atá sa Chreat seo um Chiarraí Sláintiúil.

An Comhairleoir Norma Moriarty
Cathaoirleach Choiste Forbartha Áitiúla Pobail Chiarraí
Comhairle Contae Chiarraí

Brollach ó Phríomh-Fheidhmeannach Chomhairle Contae Chiarraí



Tá Creat Chiarraí Sláintiúil 2021-2027 ullmhaithe i dtréimhse ama atá thar a bheith duamhar agus crua, agus sinn ag dul i dtaithe ar dhrochiarmhairtí na paindéime COVID-19. Tá traidisiún seanbhunaithe i gComhairle Contae Chiarraí ó thaobh tacú le sláinte agus folláine an phobail thar na ranna éagsúla sa Chomhairle chomh maith le beart a dhéanamh i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla na Comhairle. Mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19, tá ár ngaolmhaireachtaí leis na comhpháirtithe áitiúla neartaithe againn chun tacú le soláthar na dtionscnamh sláinte agus folláine de réir riachtanais an phobail atá ag teacht chun cinn. Is eochairthosaíocht sna blianta le teacht a bheidh i ndul i ngleic le tionchar na géarchéime COVID-19 ar shláinte an phobail agus ar fholláine an phobail. Is tráthúil an rud é go bhfuil Creat Chiarraí Sláintiúil foilsithe toisc go bhfuil straitéis á cur ar fáil ann maidir leis an gcaoi is fearr ar féidir tacú agus plé le tionchar an choróinvírís COVID-19 ar an tsláinte agus ar an bhfolláine i gCiarraí, is é sin, trí thionscnaimh sláinte agus folláine sa láthair oibre a fhorbairt agus a mhaoiniú mar aon le beartais agus pleananna ar an leibhéal áitiúil a chur i gcrích. Táimid ag súil le leanúint dár gcuid oibre i gcomhar lenár gcomhpháirtithe áitiúla sna blianta le teacht chun go bhféadfar tionscnaimh éifeachtacha a chur i bhfeidhm d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil i measc na bpobal agus i measc na ngnólachtaí, i gcomhréir le Creat Chiarraí Sláintiúil.

Moira Murrell
Príomh-Fheidhmeannach
Comhairle Contae Chiarraí



Éire Shláintiúil

Ciarraí Sláintiúil



**CUID A:
RÉAMHRÁ**

Seo an chéad Chreat um Chiarraí Sláintiúil a fhéachann le feabhsú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata náisiúnta, *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025)*, mar fhreagra ar riachtanais an phobail áitiúil.

Tá an fhís i dtaca le Chiarraí Sláintiúil ag teacht leis an bhfís náisiúnta, gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint as an tsláinte choirp agus as an sláinte mheabhrach, amhail as an bhfolláine choirp agus as an bhfolláine mheabhrach, chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, áit a bhfuil luach á chur ar an bhfolláine agus tacaíocht á tabhairt don fholláine ar gach leibhéal den tsochaí, chomh maith leis an bhfolláine a bheith mar fhreagracht ar gach duine.

Is iad na trí réimse tosaíochta den Chreat seo atá molta chun Chiarraí Sláintiúil a bhaint amach ná:

1. Pobail Shláintiúla
2. Folláine sa Láthair Oibre / An Chianobair
3. Creataí Beartais


Thairis sin, sonraítear sa Chreat seo um Chiarraí Sláintiúil na cuspóirí spriocdhírthe sláinte agus folláine i gcomhair an chontae ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2027. Is mórdhúshlán agus móorthosaíocht sna sé bliana le teacht a bheidh i ndul i ngleic le tionchar an COVID-19 ar an tsláinte agus ar an bhfolláine i gCiarraí. Dá réir sin, cuirfear eochairbhéim thar na blianta sin ar ghaolmhaireachtaí a shaothrú agus ar chomhpháirtíochtaí a neartú idir an tÚdarás Áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), na gníomhaireachtaí stáit eile, na comhpháirtithe sóisialta, an earnáil oideachais, agus an mhórearnáil ghnó, an mhórearnáil dheonach agus an mhórearnáil phobail chun gníomhartha a chur i bhfeidhm a thacóidh le sláinte agus folláine na ndaoine de réir mar a bheidh siad ag plé le tionchar an COVID-19 ina gcuid pobal.

Creat um Éire Shláintiúil

Is é *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025)* an creat náisiúnta i dtaca le gníomh chun sláinte agus folláine na tíre a fheabhsú i rith na glúine atá le teacht. Glacann Éire Shláintiúil ‘cur chuige ar bhonn an rialtais ar fad’ agus ‘cur chuige ar bhonn na sochaí ar fad’ chun tabhairt faoi na mór-shaincheistanna a dtagann torthaí diúltacha sláinte astu. Tá sé mar aidhm ag an gcreat aird a tharraingt ar an gcosc, tá sé ag féachaint le héagothromais sláinte a laghdú, agus tá béim á leagan aige ar an ngá le cumhacht a thabhairt do dhaoine agus do phobail aire níos fearr a thabhairt dá sláinte féin agus dá bhfolláine féin.

Aithnítear sa chreat na tosca iomadúla a théann i bhfeidhm ar ár sláinte agus ár bhfolláine – an áit a mbíonn cónaí orainn, ár dtimpeallacht, ár ngéinitic, ár n-ioncam agus leibhéal ár n-oideachais agus ár ngaolmhaireacht le cairde agus leis an dteaghlach. Is minic a bhíonn na tosca seo, ar a dtugtar cinn-tithigh shóisialta na sláinte, lasmuigh de thionchar díreach an duine aonair, chomh maith leis na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí sóisialta. Léirítear i Léaráid 1 an chaoi a bhféadfaidh pobail, timpeallachtaí saoil agus oibre, dálaí geilleagair, cultúir agus timpeallachta tacú leis an sláinte agus leis an bhfolláine nó dochar a dhéanamh don tsláinte agus don fholláine. Aithnítear i gCreat Chiarraí Sláintiúil an gá le hoibriú i gcomhar le chéile in eagraíochtaí san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach, san earnáil dheoch agus san earnáil phobail ionas go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar mhórchinntithigh na sláinte agus na héagothromais sláinte a chomhrac. Is féidir linn é seo a bhaint

amach trína chinntiú go nglacfaidh muintir na háite páirt sa chinnteoireacht, trí thiomantas polaitiúil a ghnóthú, agus trí fhorbairt eagraíochtúil phobail a chur chun cinn.



Cinntithigh na sláinte agus na folláine inár gcomharsanachtaí

Léaráid 1. Cinntithigh Shóisialta na Sláinte

Foinse: Barton, H. agus Grant M. (2006). Léarscáil sláinte i gcomhair na gnáthóige daonna áitiúla. *Irisleabhar an Chumainn Ríoga um Chothú na Sláinte*, 126(6) leathanaigh 252-253.

Is í an fhís maidir le cad is Éire Shláintiúil ann ná Éire mar áit ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as an tsláinte choirp agus as an sláinte mheabhrach, amhail as an bhfolláine choirp agus as an bhfolláine mheabhrach, chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, áit a bhfuil luach á chur ar an bhfolláine agus tacaíocht á tabhairt don fholláine ar gach leibhéal den tsochaí, chomh maith leis an bhfolláine a bheith mar fhreagracht ar gach duine. Eochairbhéim in ár bhfís um Éire Shláintiúil is ea gaolmhaireachtaí a shaothrú agus comhpháirtíochtaí a neartú leis na Ranna Rialtais eile, na hÚdaráis Áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an earnáil oideachais, agus an mhórearnáil ghnó, an mhórearnáil dheonach agus an mhórearnáil phobail.

Tacóidh Creat Chiarraí Sláintiúil le seachadadh an phlean náisiúnta seo chomh maith le spriocanna an phlean a aimsiú ar an leibhéal áitiúil. Is iad spriocanna an Chreata Náisiúnta um Éire Shláintiúil ná:

1. Sciar na ndaoine a bhíonn sláintiúil ag gach céim den saol a mhéadú
2. Éagothromais sláinte a laghdú
3. An pobal a chosaint ar bhagairtí sláinte agus folláine
4. Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus gach earnáil den tsochaí a bpáirt a chomhlíonadh chun Éire Shláintiúil a bhaint amach

Feachtais um Éire Shláintiúil chun Tacú leis an tSláinte agus leis an bhFolláine i rith na hÉigeandála COVID-19

Is é an beart a dhein Éire Shláintiúil mar fhreagra ar an ngéarchéim COVID-19 ná obair a chur i gcrích ar fud an Rialtais agus i gcomhar lena gcomhpháirtithe chun forbairt agus soláthar a dhéanamh ar fheachtas náisiúnta ar ar tugadh ‘Ann Le Chéile’. Dhírigh an feachtas seo ar chothú a dhéanamh ar ghníomhaíocht, ar fholláine mheabhrach agus ar fhanacht ceangailte i rith na héigeandála COVID-19.

I ndiaidh an fheachtais seo, d'fhoilsigh an rialtas creat dar teideal *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-21: Plean maidir le Maireachtáil le Covid-19* inar aithníodh gur chruthaigh an phaindéim agus drochthorthaí na paindéime dúshlán shuntasacha, mar aon le teannas agus imní ar dhíol suntais iad, agus gur chuir an phaindéim isteach ar ghnáthaimh laethúla na ndaoine. Lena chois sin, tarraingítear aird sa phlean ar an bhfeidhm thábhachtach a chomhlíonfaidh an teacht aniar ar bhonn an duine agus ar bhonn an phobail ó thaobh oibriú ar mhaithe leis an bhfreagra leantach ar COVID-19.

Laistigh den phlean seo, dhein Éire Shláintiúil tiomantas go gcuirfí an teacht aniar chun cinn laistigh de phobail trí na nithe seo:

- 1) Forbairt agus soláthar a dhéanamh ar fheachtas athbheochana Rialtais faoi na téamaí Folláine/Le Chéile/Teacht Aniar, dar teideal ‘Go dTé Tú Slán’, agus leanúint d’eolas ar acmhainní agus ar thacaí a chur ar fáil sa láithreán gréasáin um Éire Shláintiúil
- 2) Gné den fheachtas náisiúnta ‘Go dTé Tú Slán’ a fheidhmiú le Spórt Éireann chun an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach, go háirithe amuigh faoin aer, a chur chun cinn, ar mhaithe leis an bhfolláine choirp agus leis an bhfolláine mheabhrach i rith mhíonna an gheimhridh
- 3) É a chur de chúram ar na hÚdaráis Áitiúla agus ar a gcomhpháirtithe comhordú a dhéanamh ar sholáthar na gné áitiúla den fheachtas ‘Go dTé Tú Slán’ chun feachtas ar na cláir, tionscnaimh agus áiseanna ar bhonn áitiúil a chur chun cinn agus chun rannpháirt sna cláir, tionscnaimh agus áiseanna sin a chur chun cinn
- 4) Tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla agus dá gcomhpháirtithe tríd an gCiste um Theacht Aniar sa Phobal, ar sruth nua maoiniúcháin um Sláintecare / Éire Shláintiúil é, d’fhonn clár i dtaca le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh na folláine chun "an saoránach a chumasú" a sholáthar

Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas náisiúnta ‘Go dTé Tú Slán’ an teacht aniar a chur chun cinn i measc an phobail trí dhaoine a spreagadh le gníomh beag amháin a dhéanamh a chabhróidh leo fanacht slán. Dírítear téamaí an fheachtais orthu seo a leanas:

1. Fanacht gníomhach

2. Fanacht ceangailte
3. Do scíth a ligint agus a bheith cruthaitheach
4. Bia folláin a ithe
5. Aire a thabhairt do do ghiúmar

Sna blianta le teacht, beidh Coiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP) Chiarraí agus Coiste Chiarraí Sláintiúil tiomanta do thacú le feachtais náisiúnta na sláinte agus na folláine a sholáthar i gCiarraí.



Struchtúir Rialachais agus Bhainisteoireachta i dtaca le Creat Chiarraí Sláintiúil

Comhlíonann Coiste Forbartha Áitiúla Pobail Chiarraí (CFÁP Chiarraí) feidhm thábhachtach chun sláinte agus folláine a chur chun cinn sa chontae. Ó bunaíodh an coiste sa bhliain 2014, d'oibrigh 19 eochairpháirtí leasmhara i gcomhpháirtíocht le chéile chun cothú agus tacú a dhéanamh ar an bhforbairt gheilleagrach, ar an bhforbairt áitiúil agus ar an bhforbairt phobail trí chomhtháthú breise a chur ar na seirbhísí agus tionscainí forbartha a phleanáil agus a sholáthar ar bhonn na háite agus ar bhonn an phobail. Deineann ballraíocht an choiste seo éascaíocht don chomhpháirtíocht idir Comhairle Contae Chiarraí (CCC), gníomhaireachtaí stáit eile, comhpháirtithe sóisialta chomh maith leis an earnáil dheonach phobail.

Ó bhí an bliain 2017 ann, fuair CFÁP Chiarraí maoiniú ó Éire Shláintiúil chun Clár Chiarraí Sláintiúil a sholáthar. Tá Comhairle Contae Chiarraí, trí CFÁP, freagrach as rialachas foriomlán a dhéanamh ar iarratais, riarachán agus maoiniú an Chiste um Éire Shláintiúil. Ós rud é gur cuspóir idirghníomhaireachta an tsláinte, bunaíodh meitheal oibre ilpháirtithe leasmhara den CFÁP, ar ar tugadh Coiste Chiarraí Sláintiúil, chun gníomhartha an tionscadail a chur ar aghaidh. Áirítear le Coiste Chiarraí Sláintiúil ionadaithe ó Chomhairle Contae Chiarraí, Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí (PSÁC), Lónra Rannpháirtíochta Pobail Chiarraí (LRP Chiarraí), Cúram Sláinte Pobail i gCorcaigh agus i gCiarraí, FSS agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) i gCiarraí. I dtaca leis an obair chomhoibríoch a baineadh amach tríd an gcoiste seo a chur ar bun, thug sí caoi do phíolotú a dhéanamh ar a lán tionscnamh éifeachtach nuálach ó thaobh na sláinte agus folláine sa chontae. Táthar ag leanúint de bhallaíocht Choiste Chiarraí Sláintiúil a athbhreithniú gach bliain agus a fhairsingiú de réir mar is cuí. Tá sé de rún go leanfaidh an Ciste um Éire Shláintiúil, i gcomhar le CFÁP

Chiarraí, de thacú le gníomhartha arna maoiniú faoi Chreat Chiarraí Sláintiúil, agus go n-eiseoidh Coiste Chiarraí Sláintiúil, i gcomhar le CFÁP Chiarraí, pleananna bliantúla oibre chun tacú leis an gcur i ngníomh ar Chreat Chiarraí Sláintiúil. Nuair a ullmhófar na gníomhartha i dtaca leis na pleananna bliantúla oibre, lorgófar comhairliúchán ó shaineolaithe agus ó eochairpháirtithe leasmhara.

Ceapadh Oifigeach Sláinte agus Folláine faoi Bhabhta 1 den Chiste um Éire Shláintiúil agus coinneofar an post seo chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidmiú na ngníomhartha. Gníomhaíonn Oifigeach Sláinte agus Folláine mar chomhordaitheoir um Éire Shláintiúil i dtaca le CFÁP Chiarraí. Is é an cion feidhme atá ag an Oifigeach Sláinte agus Folláine ná tuairisciú díreach a dhéanamh go dtí Comhairle Contae Chiarraí agus uasdátuithe a chur ar fáil don CFÁP maidir le bainisteoireacht agus riarachán na dtionscadal um Éire Shláintiúil atá faoi scáth an Chiste um Éire Shláintiúil. Is cuid í an tuairisc de mhiontuairiscí an chruinnithe den CFÁP agus cuidíonn an tuairisc leis an bhfaireachán ar an dtionscadal foriomlán. Buailéann Coiste Chiarraí Sláintiúil le chéile chun tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil, de réir mar is gá, don Oifigeach Sláinte agus Folláine chun deimhin a dhéanamh d'fheidhmiú éifeachtach na ngníomhartha. Soláthraíonn an tOifigeach Sláinte agus Folláine tuairiscí ar dhul chun cinn i gcruinnithe Choiste Chiarraí Sláintiúil, oibríonn an tOifigeach i gcomhar leis an meitheal oibre, agus cruthaíonn an tOifigeach nascálacha chun deimhin a dhéanamh de rathúlacht na ngníomhartha. Trí bhallraíocht Chomhairle Contae Chiarraí agus coistí idirghníomhaireachta eile, cuireann an tOifigeach Sláinte agus Folláine ina theannta sin tacaíocht ar fáil maidir le forbairt agus scaipeadh na n-acmhainní sláinte agus folláine i gCiarraí agus cinntíonn an tOifigeach go ndéanfar an Clár Oibre um Éire Shláintiúil a chur chun cinn laistigh de bheartais áitiúla, de chláir mhaoiniúcháin agus de mhodhanna áitiúla seachadta.



Éire Shláintiúil
Ciarraí Sláintiúil



**CUID B:
LEAGAN AMACH AN
CHONTAE**

Leagan Amach Déimeagrafach

Is é Contae Chiarraí an cúigiú contae is mó in Éirinn, agus cuimsíonn an contae achar 4,700 ciliméadar cearnach. Sa bhliain 2016, ba é daonra Chiarraí ná 147,707, arbh éard a bhí ann ná 73,055 fireannach agus 74,652 baineannach. Is contae tuaithe é don chuid is mó, agus is contae é ina bhfuil 65% dá chónaitheoirí ag maireachtaint i gceantair inarb é an daonra ná 1,500 nó níos lú ná sin. Tá ceann de rátaí fáis daonra is lú ag Contae Chiarraí sa tír, agus níor mhéadaigh an daonra ach de 2,052, nó faoi 1.4%, sna cúig bliana idir 2011 agus 2016. Is féidir ráta mall seo an daonra a chur síos do rátaí ísle breithe, rátaí arda báis, ráta ard seandaoine cleithiúnacha agus eisimirce.

Tugtar na Bailte Moil ar Thrá Lí agus ar Chill Airne mar is iad sin na bailte is mó sa chontae. Cláraíodh i ndaonáireamh na bliana 2016 daonraí 23,691 agus 14,504 i dTrá Lí agus i gCill Airne, faoi seach. Sa bhliain 2016, bhí daonraí na mBailte Réigiúnacha i gCiarraí ag síneadh ó 1,041 go dtí 4,820 agus bhí daonraí na mBailte Ceantair idir 288 agus 928. Chuimsigh na Ceantair Ghaeltachta cuid mhór de leithinis Chorca Dhuibhne agus de leithinis Úibh Rathaigh agus ba é daonra na gCeantar Gaeltachta ná 8,756 i ndaonáireamh na bliana 2016.

Taispeántar i dTábla 1 na hathruithe ar an daonra sna Bailte Moil, sna Bailte Réigiúnacha agus sna Bailte Ceantair ar feadh deich mbliana, mar a thomhaistear iad i ndaonáirimh na mblianta 2006, 2011 agus 2016. Idir daonáireamh na bliana 2011 agus daonáireamh na bliana 2016, tharla fás dearscnaitheach sa daonra i mBaile Uí Thaidhg, sa tSnaidhm agus i mBaile an Mhuilinn ach tháinig laghdú suaithinseach ar an daonra i gCathair Saidhbhín.

Tábla 1. Athruithe ar an daonra i mBailte Moil, Réigiúnacha agus Ceantair i gCiarraí ó 2006-2016

	2006	2011	2016	Athrú 2011 - 2016	Athrú % 2011 - 2016
Bailte Moil					
Trá Lí	22,744	23,693	23,691	-2	-0.0
Cill Airne	14,603	14,219	14,504	285	2.0
Bailte Réigiúnacha					
Lios Tuathail	4,338	4,832	4,820	-12	-0.3
Oileán Ciarraí	2,300	2,513	2,486	-27	-1.1
Neidín	1,701	2,175	2,376	201	9.2
Cill Orglan	1,627	2,082	2,199	117	5.6
Daingean Uí Chúis	1,920	1,965	2,050	85	4.3
Baile an Bhuinneánaigh	1,365	1,354	1,413	59	4.4
Cathair Saidhbhín	1,294	1,168	1,041	-127	-10.9
Bailte Ceantair					
Baile an Mhuilinn	415	838	928	90	10.7
Ard Fhearta	729	800	749	-51	-6.4
An Ráth Mhór	611	778	790	12	1.5
Baile Uí Thaidhg	677	628	724	96	15.3
Tairbeart	550	551	540	-11	-2.0
An Coireán	546	465	462	-3	-0.6
An tSnaidhm	279	258	288	30	11.6

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá daonra Chiarraí scaipthe go forleathan agus go neamhrialta ar fud an chontae. Ba chóir, dá bharr sin, go ndíreofaí agus go gcuirfí in oiriúint tionscnaimh na sláinte agus na folláine, mar aon le dáileadh an mhaoinithe, de réir an tsuímh, de réir mhéid an daonra agus de réir riachtanais an daonra. Chun tionscnaimh áitiúla éifeachtacha na sláinte agus na folláine a fhorbairt agus a chur i ngníomh, ní foláir comhar na n-eochairpháirtithe leasmhara a bheith le fáil.

Ceist eile nach foláir don chontae a thuilleadh machnaimh a dhéanamh uirthi is ea a choitianta atá an scoiteacht shóisialta agus an t-uaigneas, rudaí a deineadh ní ba mheasa de dheasca na géarchéime COVID-19. Sainaithníodh i *bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) Chiarraí (2016-2025)* an scoiteacht shóisialta mar laige sa chontae, go háirithe i gceantair thuaithe. Tháinig méadú, áfach, i rith na paidéime COVID-19, ar an uaigneas agus ar an scoiteacht i measc na ndaoine, idir dhaoine óga agus dhaoine aosta, ar fud an chontae. Ar bhonn náisiúnta, d'fhionn an Phríomh-Oifig Staidrimh ina Suirbhé ar Iarmhairt Shóisialta COVID-19 sa bhliain 2020 gur bhraith 26.6% de dhaoine in Éirinn uaigneach 'an t-am ar fad/ an chuid is mó den am/cuid den am' i gcomparáid le 16.9% sa bhliain 2018. Ba chóir, mar sin, go méadófaí a oiread agus ab fhéidir na deiseanna maoiniúcháin a thioctadh chun cinn ionas go dtógfáí gaolmhaireachtaí láidre agus líonraí láidre trí thionscnaimh chairdis agus trí thionscnaimh eile a chothódh ceangail shóisialta do chách sa chontae.

Leagan Amach Ó Thaobh Aoise

Cuirtear ar fáil i Léaráid 2 foramharc ar dhaonra Chiarraí agus ar dhaonra an Stáit de réir aoise agus de réir inscne mar a shonraítear i ndaonáireamh na bliana 2016. Sa bhliain 2016, bhí 44,612 leanbh agus duine óg in aois 0-24 de bhlianta ina gcónaí i gCiarraí. Is ionann seo agus 30.2% de dhaonra Chiarraí, atá níos ísle ná meánmhéid an Stáit 33.2% agus an dara céatadán is ísle de leanaí agus de dhaoine óga in aois 0-24 de bhlianta in aghaidh an Údaráis Áitiúil in Éirinn. Sainaithníodh i *bPlean Oibre CSLDÓ/Coiste na Seirbhísí do Leanáí agus do Dhaoine Óga i gCiarraí (2018-2020)* éagsúlachtaí ar fud na tíre maidir le dáileadh na ndaoine sin a bhí idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois:


- Bhí an ráta is airde de dhaoine san aoisghrúpa 18-24 de bhlianta ag Trá Lí sa chontae, rud a cuireadh síos go príomha don Institiúid Teicneolaíochta a bheith lonnaithe sa dúthaigh seo
- Cláraíodh rátaí ní ba lú san aoisghrúpa 18-24 de bhlianta sna ceantair seo den chontae: Daingean Uí Chúis, Cill Airne, Lios Tuathail, Oileán Ciarraí, Cathair Saidhbhín agus Neidín.

Thairis sin, i ndaonáireamh na bliana 2016 taispeánadh sciar ní ba lú de chohóirt na ndaoine níos óige in aois oibre i gCiarraí ná sa Stát, go háirithe san aoisghrúpa 25-39 de bhlianta. Ar an iomlán, tá céatadán an daonra faoi bhun mheán an Stáit ag Ciarraí maidir le daoine atá 0–39 de bhlianta d'aois agus tá céatadán an daonra os cionn mheán an Stáit ag Ciarraí maidir le daoine atá 40 bliain d'aois agus níos sine, i dtaca le fireannaigh agus bainearnaigh. Tugtar le fios, de bhun na dtreochtaí seo, gurb ann do ráta íseal breithe agus gurb iondúil go mbogann muintir Chiarraí amach as an gcontae i ndiaidh na mblianta scoile/coláiste agus go bhfilléann siad nuair a bhíonn siad níos sine chun cónaí fadtréimhseach a chur ar bun.

Tá an dara daonra is sine ag Ciarraí as contaetha uile na hÉireann, díreach taobh thiar de Mhaigh Eo. Taispeánadh i ndaonáireamh na bliana 2016 gurbh í an aois mheánach sa chontae ná 40.2 bliain. Ba é céatadán an daonra i gCiarraí a bhí os cionn 60 bliain d'aois ná 23.1% (34,190 duine), arb éard atá ann ná céatadán atá i bhfad níos airde ná céatadán an Stáit 18.4%. Taispeántar i gcomparáidí le

daonáirimh na mblíanta roimhe sin go méadaíonn céatadán an daonra in aois os cionn 60 bliain i gCiarraí, rud a bhíonn ag teacht leis na treochtaí náisiúnta. Amhail na figiúirí náisiúnta, is baineannaigh atá i gcéatadán níos airde de dhaoine in aois 60+ de bhlianta i gCiarraí (baineannaigh: 23.7%; fireannaigh: 22.6%).

Sainithníodh i *Straitéis Aoisbhá Chiarraí (2018-2022)* éagsúlacht spáis i leith dháileadh na ndaoine in aois 60+ de bhlianta. Sa bhliain 2016, ba i gCiarraí Theas agus in gCiarraí Thiar a chónaigh an céatadán ab airde de dhaoine in aois 60+ de bhlianta i gCiarraí. Ba i leithinis tuaithe Uíbh Ráthaigh agus i leithinis tuaithe Bhéarra i gCiarraí Theas agus i gceantair thuaithe Chiarraí Thuaidh, go háirithe, a bhí céatadán arda cónaitheoirí a bhí os cionn 60+ de bhlianta. Ba iad na ceantair uirbeacha ina raibh na céatadán ab airde de dhaoine aosta na comharsanachtaí ina raibh an céatadán is airde de neamhnáisiúnaigh den Aontas Eorpach (AE) sa tír.



Léaráid 2. Céatadán den daonra de réir inscne in aoischohóirt shainithe i gCiarraí agus sa Stát, Daonáireamh 2016

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Is aoischohórt níos sine atá sa chontae, don chuid is mó. Bíonn éagsúlacht mhór ar dháileadh na n-aoisghrúpaí ar fud na tíre agus, dá réir sin, ní foláir an gnó a bhreithniú nuair a bhíonn tionscnaimh shaináite na sláinte agus na folláine á ndearadh.

Aithníodh i bhfoilseachán na bliana 2020 dar theideal ‘An phaindéim COVID-19 in Éirinn: Foramharc ar fhreagairt na seirbhíse sláinte agus ar fhreagairt an bheartais gheilleagraigh’ le Kennelly et al. gur tháinig méadú suaithe seach ar dheacrachtaí na sláinte meabhraí a thaithigh daoine de gach aois ar fud na hÉireann i rith na géarchéime COVID-19 mar gheall ar an dianghlásáil éifeachtach a deineadh ar chodanna móra de ghnáthshaol an gheilleagair agus de ghnáthshaol na sochaí.

- D’fhionn *Spun Out*, seirbhís a thacaíonn le sláinte mheabhraí na ndaoine óga, méadú 100% ar dhaoine a dhein teagmháil leo de dheasca a n-ímní agus a ndúlagaí
- Thuairiscigh *ALONE*, eagraíocht a thacaíonn le daoine scothaosta, méadú mór ar líon na ndaoine a dhein teagmháil leo faoin scoiteacht shóisialta, faoin uaigneas agus faoin idéú feinmharfach

- Thuairiscigh na Samáraigh, eagraíocht dheonach a thacaíonn le daoine a bhfuil am cruá á fhulaingt acu, méadú ar na glaonna ar a líne chabhrach.

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an rialtas ar mhaithe le seirbhísí na sláinte meabhraí ar líne chun tacú le daoine ar fud na tíre le linn na paindéime. De bhreis ar sheirbhísí seo na sláinte meabhraí ar líne, raghadh cur chuige um thimthriall na beatha, agus an maoiniú ann dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ó ghlúin go glúin, chun sochair don tsláinte agus don fholláine sa chontae. Beidh sé bunriachtanach comhar a dhéanamh leis na heochairpháirtithe leasmhara chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh a bheidh oiriúnach de réir aoise agus ar thionscnaimh a bheidh curtha i bhfeidhm ó ghlúin go glúin i gceantair faoi leith.

Náisiúntacht agus Eitneacht

Agus é sin ar aon dul leis na treochtaí náisiúnta, tá an éagsúlacht eitneach agus an éagsúlacht náisiúnta ag éirí níos coitianta i gCiarraí. Is é an cohórt is mó sa chontae ná náisiúnaigh Éireannacha (87.5%). San iomlán, ba neamhnáisiúnaigh Éireannacha 12.5% de na daoine a bhí ina gcónaí de ghnáth i gCiarraí, méid a chuaigh suas ó 11.4% sa bhliain 2011. Ina theannta sin, cláraíodh 3.4% de dhaoine Chiarraí mar dhaoine ón Ríocht Aontaithe, 2.9% ón bPolainn agus 0.6% ón Liotuáin. Tá cónaí i gCiarraí ar mhórán náisiúntachtaí eile ach is líon níos lú daoine atá i gceist. I Mí an Mheithimh 2020, bhí áit chónaithe ag 503 iarrthóir tearmainn i seacht gcinn de lárionaid soláthair dhírigh i gCiarraí. I dtaca le cúrsaí eitneachta, tugadh le fios i ndaonáireamh na bliana 2016 gurbh éard a bhí i Lucht Siúil na hÉireann ná 0.7% de dhaoine Chiarraí, agus tá sé seo mar an gcéanna leis an bhfigiúr náisiúnta. Is ionann an céatadán seo agus 960 ball den lucht siúil a bhfuil cónaí orthu i gCiarraí, arb éard atá ann ná méadú 10 dhuine nó 1.1% ó deineadh an daonáireamh deiridh sa bhliain 2011.

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Nuair a bhíonn beartais shóisialta á bhforbairt, is cóir riachtanais éagsúla na ndaoine sa chontae a chur san áireamh chun a chinntiú nach raghfad chun dochair dá gcuid sláinte ná dá gcuid folláine. Is cóir ceist dá leithéid a bhreithniú freisin nuair a bhíonn tionscnaimh na sláinte agus na folláine á ndearadh agus nuair a bhíonn cistí á dháileadh ar na pobail laistigh den chontae.

Leagan Amach Ó Thaobh Sláinte


Aithnítear sa Chreat Náisiúnta um Éire Shláintiúil go dtéann nósanna maireachtana na ndaoine agus iompraíochtaí na ndaoine – cibé acu a chaitheann nó nach gcaitheann siad tobac, cé mhéid a ólann siad, cad a itheann siad, cibé acu a dheineann nó nach ndeineann siad aclaíocht go rialta – chun dochair do shláinte na ndaoine agus d'fholláine na ndaoine agus go méadaíonn sé sin baol an bháis roimh am. Stiúir Éire Shláintiúil suirbhéanna náisiúnta chun a fháil amach faoina choitianta atá na hiompraíochtaí seo. Níl a mhacasamhail d'eolas cruinn ar an tsláinte le fáil ar leibhéal an chontae, áfach.

Is éard atá sa daonáireamh ná suirbhé ar an daonra a ghlactar gach cúig bliana in Éirinn, de ghnáth. Cuireann sé flúirse eolais ar fáil, agus an stádas féintuairiscithe sláinte ar leibhéal an chontae san áireamh. Bhí an chéad daonáireamh eile le tarlú sa bhliain 2021, ach tá sé curtha siar go dtí an bhliain 2022 mar gheall ar phaindéim leantach an choróinvíris. Ceaptar go mbeidh tionchar diúltach ag an ngéarchéim COVID-19 ar an tsláinte agus ar an bhfolláine i gCiarraí.

Foilsíodh an daonáireamh ba dhéanaí sa bhliain 2016 agus an tráth sin, dúirt thart ar cheathrar as gach cúigear i gCiarraí go raibh an tsláinte 'go han-mhaith' nó 'go maith' acu. Tugann Léaráid 3 foramharc ar na sonraí i gCiarraí i gcóimheas leis na figiúirí náisiúnta.

I gCiarraí, de réir na staitisticí:

- Dhein 86.3% de dhaoine féintuairisciú ar a gcuid sláinte mar 'an-mhaith' nó 'maith'
- Thuairiscigh 8.5% eile de dhaoine gur 'chuíosach' an tsláinte a bhí acu
- Dhein 1.3% agus 0.3% de dhaoine féintuairisciú ar a gcuid sláinte mar 'olc' nó 'an-olc', faoi seach.



Léaráid 3. Stádas féintuairiscithe sláinte i gCiarraí agus sa Stát, Daonáireamh 2016.

Sa bhliain 2020, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh athbhreithniú i gcrích ar thionchar an COVID-19 ar an tsláinte agus ar an bhfolláine in Éirinn, athbhreithniú ar ar tugadh *Suirbhé ar Thionchar Sóisialta COVID-19*. Fionnadh sa suirbhé seo gur tharla laghdú mór i gcéatadán na ndaoine fásta a thuairiscigh a gcuid sástachta leis an saol mar 'ard' sa chéill gur thuairiscigh 12.2% de dhaoine fásta an sástacht fhoriomlán acu leis an saol mar 'ard' i gcomparáid le 44.3% sa bhliain 2018 agus 31.4% sa bhliain 2013.

Daoine faoi mhíchumais

Bhí 19,965 duine faoi mhíchumas i gCiarraí sa bhliain 2016, a bhí comhdhéanta de 9,744 fear agus 10,221 bean. Is ionann seo agus 13.5% de dhaonra iomlán an Chontae, agus tá sé seo mar an gcéanna leis an bhfigiúr náisiúnta. Bhí 6,769 gcúramóir i gCiarraí sa bhliain 2016, a bhí comhdhéanta de 60% mná agus 40% fir. Tá comhghaol soiléir idir an aois agus an míchumas, agus is os cionn 60 bliain d'aois atá an líon is mó daoine faoi mhíchumais. De réir mar a raghaidh an daonra in aois, is dóchúil go méadóidh líon na ndaoine faoi mhíchumais.

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá sé dearfach a chur faoi deara sa bhliain 2016 gur bhraith an chuid ba mhó de dhaoine i gCiarraí go rabhadar ina sláinte. Meastar, áfach, go mbeidh drochthionchar ag an ngéarchéim COVID-19 ar an tsláinte agus ar an bhfolláin ag gach duine a chónaíonn i gCiarraí. Ós rud é gur beag sonraí sainchontae faoi iompraíochtaí an nós mhaireachtana atá ar fáil, is deacair na straitéisí sonracha is gá i gCiarraí chun an tsláinte a chur chun cinn a mholadh. Ba chóir go bhforbrófaí agus go ndíreofaí an maoiniú agus na tionscnaimh trí na páirtithe leasmhara a chothódh iompraíochtaí dearfacha sláinte sa chontae. Maidir le daoine faoi mhíchumais, ba chóir breithniú ar leith a dhéanamh maidir le huilechuimsitheacht na mbeartas agus na straitéisí um chothú sláinte a shaothrófaí. Spriocghrúpa eile is ea na cúramóirí ó

thaobh an tsláinte agus an fholláine a chothú i gCiarraí toisc go gcomhlíonann cuid shuntasach de dhaoine i gCiarraí an fheidhm seo.

Éagotromais Ó Thaobh Sláinte

Is ann d'éagotromais sláinte laistigh de na náisiúin agus ar fud na náisiún mar gheall ar dhifríochtaí sóisialta agus ar ainchearta sóisialta. Is é ceann de chuspóirí an Chreata Náisiúnta um Éire Shláintiúil (2013-2025) ná éagotromais sláinte a laghdú. Ionas gur féidir éagotromais sláinte a laghdú, féachann Éire Shláintiúil le bearnaí idir na haicmí gairme is airde agus na haicmí gairme is ísle a laghdú, idir na dreamanna socheacnamaíocha is airde agus na dreamanna socheacnamaíocha is ísle a laghdú, agus idir na ceantair is rachmasaí agus na ceantair is díothaí a laghdú. Aithnítear sa Chreat um Éire Shláintiúil nach ndeintear an tsláinte a dháileadh go cothrom sa tsochaí toisc a choitianta atá na dálaí ainsealacha agus na hiompraíochtaí gaolmhara ó thaobh an nós mhaireachtana de, agus iad go mór faoi anáil na nithe seo a leanas:


- Stádas socheacnamaíoch
- Leibhéal oideachais
- Fostaíocht

Eascaíonn na sonraí seo a leanas ón daonáireamh is déanaí a glacadh sa bhliain 2016. Arís eile, meastar go mbeidh droch-thionchar ag COVID-19 ar an stádas socheacnamaíoch, ar leibhéal na fostaíochta agus ar an ngeilleagar i gcoitinne i gCiarraí.

Stádas Socheacnamaíoch

Tá nasc idir stádas socheacnamaíoch agus stádas sláinte, sa mhéid, dá olcas an staid eacnamaíoch, gur mó an baol le droch-shláinte. Tomhaistear in Innéacs Díothachta Pobal HP an rafaireacht choibhneasta nó an díothacht choibhneasta a bhaineann le ceantar faoi leith trí úsáid a bhaint as táscairí amhail leibhéal na dífhostaíochta agus leibhéal an oideachais a bhaintear amach. Aicmíodh Ciarraí in Innéacs Díothachta Pobal HP na bliana 2016 mar chontae a raibh samhail shocheacnamaíoch beagáinín faoi bhun an mheáin aige agus áiríodh é ar an gcúigiú dailcheantar déag ba mhó faoi mhíbhuntáiste as 40 dailcheantar. Taispeántar i Léaráid 4 na réimsí rafaireachta agus díothachta i gCiarraí sa bhliain 2016. Ba iad na ceantair ba rafaire i gCiarraí ná na ceantair timpeall ar na bailte móra i gCiarraí: Cill Airne, Neidín agus Daingean Uí Chúis, a raibh rath ar gach ceann acu de bharr a mórachmhainneachta turasóireachta. Meastar, áfach, go ndéanfar dochar don rafaireacht atá taifeadta sna ceantair seo i gCiarraí toisc go raibh droch-thionchar ollmhór ag an ngéarchéim COVID-19 ar earnáil na turasóireachta. Sa bhliain 2016, fionnadh freisin go raibh na ceantair timpeall ar Thrá Lí, Oileán Ciarraí, Lios Tuathail agus Cill Orglán ní ba rafaire ná a gcúlchríocha tuaithe. Ó thaobh an mhíbhuntáiste shóisialta de, bhí leithinis Uíbh Ráthaigh, agus Cathair Saidhbhín san áireamh, sa tsamhail beagáinín faoi bhun an mheáin, tríd agus tríd. Lena chois sin, bhí mórán ceantar suntasach míbhuntáiste i dtaobhanna tuaithe Chiarraí Thuaidh chomh maith le codanna de Thrá Lí.

Choibhneasta Agus Díothacht Choibhneasta i nDáilcheantar Chiarraí



Léaráid 4. Rafaireacht agus díothacht de réir ceantair bhig i gContae Chiarraí, Innéacs Díothachta Pobl 2016.

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Ós rud é go mbíonn nasc idir stádas socheacnamaíoch agus stádas sláinte, leagann stádas socheacnamaíoch Chiarraí béim ar an ngá le tacaí sláinte agus folláine sa chontae. Meastar go dtaispeánfaidh daonáireamh na bliana 2022 go raibh droch-thionchar ag an ngéarchéim COVID-19 ar an stádas socheacnamaíoch i gCiarraí, toisc gur fhionn, ar bhonn náisiúnta, an Phríomh-Oifig Staidrimh go raibh droch-thionchar airgeadais ag COVID-19 ar 37.5% de dhaoine fásta sa bhliain 2020. De réir dhaonáireamh na bliana 2016, tá limistéir shuntasacha díothachta, nach foláir aird a thabhairt orthu agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh, suite i leithinis Uíbh Ráthaigh, ceantair thuaithe Chiarraí Thuaidh agus codanna de Thrá Lí. Ba chóir go ndáilfí tionscnaimh agus maoiniú chun tacú leis na pobail sna háiteanna is díothaí i gCiarraí.

Oideachas

Tá caighdeán oideachais na ndaoine atá ina gcónaí i gCiarraí ag dul i bhfeabhas i gcónaí. Tá an luathfhágáil scoile tite, agus tá an freastal ar an oideachas tríú leibhéal méadaithe. Taispeántar i dTábla 2 go leanann an bhearna idir Ciarraí agus an Stát de bheith ag laghdú i ndáil le líon na ndaoine gan aon oideachas foirmiúil nó gan ach an bunoidreachas acu. Tá an bhearna, áfach, i líon na ndaoine ag a bhfuil oideachas tríú leibhéal ag leanúint de bheith ag méadú. Is ard é an dul chun cinn go dtí an t-oideachas tríú leibhéal i gCiarraí, rud a thugann le fios go bhfágann a lán daoine an contae tar éis dóibh an staidéar tríú leibhéal a chríochnú.

Tábla 2. An leibhéal oideachais ab airde a baineadh amach i gCiarraí agus sa Stát, Daonáirimh 2006, 2011 agus 2016

Ciarraí	2006 (%)	2011 (%)	2016 (%)
Gan Oideachas Foirmiúil / Bunoideachas	21.1	17.4	14.5
Iar-bhunoideachas Sóisearach	21.7	18.8	17.0
Iar-bhunoideachas Sinsearach	29.8	37.4	37.5
Tríú Leibhéal	26.1	26.4	30.9

Stát	2006 (%)	2011 (%)	2016 (%)
Gan Oideachas Foirmiúil / Bunoideachas	18.9	16.0	13.3
Iar-bhunoideachas Sóisearach	21.1	17.4	15.5
Iar-bhunoideachas Sinsearach	29.5	36.0	35.5
Tríú Leibhéal	30.5	30.6	35.7

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Ós rud é go bhfuil coitiantacht na ndálaí ainsealacha agus na n-iompraíochtaí gaolmhara ó thaobh an nóis mhaireachtana de go mór faoi anáil an leibhéil oideachais atá bainte amach, tá sé dearfach a thabhairt faoi deara go bhfuil an luathfhágáil scoile tite, agus go bhfuil an freastal ar an oideachas tríú leibhéal méadaithe i gCiarraí. Is é ceann de chuspóirí an Chreata Náisiúnta um Éire Shláintiúil ná tacú agus nascadh le comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh atá ann cheana agus a bhfuil mar aidhm acu sciár na ndaoine óga a chríochnaíonn an t-oideachas lánaimseartha a mhéadú, chomh maith le feabhas breise a chur ar na comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh sin.

Fostaíocht / Struchtúr an Gheilleagair

Tá sé tuartha sa tuarascáil *Tionchar Geilleagrach COVID-19 ar Gheilleagar Chontae Chiarraí 2020* go mbeidh leibhéal na fostaíochta agus an geilleagar i gCiarraí buailte go dona ag an ngéarchéim COVID-19, toisc iad a bheith cleithiúnach ar earnáil na turasóireachta. Is iad na trádálacha mórdhíola agus miondhíola mar aon le hóstáin agus bialanna chomh maith le seirbhísí lóistín agus bia na cohóirt fostaíochta is mó i gCiarraí, rudaí atá bainteach go díreach leis an earnáil turasóireachta agus fáilteachais. Ar an iomlán, is é an meastachán ná go dtiocfaidh meath timpeall 70% ar an ioncam san earnáil turasóireachta agus meath thart ar 33% ar an láimhdeachas san earnáil neamhthurasóireachta sa bhliain 2020. Agus na cailliúintí seo a chur le chéile, tuaradh sa tuarascáil go mbeadh cailliúint iomlán timpeall €1 billiún i ngeilleagar Chiarraí sa bhliain 2020.

I ndiaidh na turasóireachta, is í an earnáil ina gcuirtear an chéad mhéid eile is suntasaí den fhostaíocht ar fáil sa chontae ná na tionscail atá bunaithe ar eolas. Áirítear leis na tionscail a bhunaítear ar eolas i gCiarraí an ríomhtheicneolaíocht, na heolaíochtaí beatha, an taighde agus an fhorbairt, an déantúsaíocht ardteicneolaíochta, an chumarsáid, an gnó, an t-airgeadas, an t-árachas agus seirbhísí eile an mhargaidh. I dTábla 3 tugtar miondealú ar an bhfostaíocht de réir earnála sa chontae.


Tábla 3. Fostaíocht i gCiarraí de réir earnála

Earnáil	Fostaíocht	% den iomlán
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	5729	8.3
Tionscal	8783	12.7
Foirgníocht	4431	6.4
Trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola	10107	14.6
Iompar agus stóráil	1908	2.8
Gníomhaíochtaí seirbhíse lóistín agus bia	10076	14.5
Eolas agus cumarsáid	1622	2.3
Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais	1769	2.6
Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíoch, teicniúla	2747	4.0
Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin & tacaíochta	3137	4.5
Riarachán poiblí agus cosaint	2590	3.7
Oideachas	4790	6.9
Sláinte agus obair shóisialta	8563	12.4
NACE Eile (ealaíona, siamsaíocht, áineas)	3076	4.4
Na hearnálacha NACE go léir	69328	100

Foinse: Baineadh as Suirbhé POS ar an Lucht Saothair, Ráithe 4 2019.

Sa bhliain 2016, bhí timpeall 69,000 sa lucht saothair i gCiarraí. De réir thuarascáil 2018 na Príomh-Oifige Staidrimh (POS), is micrifhiontair iad formhór na bhfiontar i gCiarraí, is é sin 93%, a fhostaíonn níos lú ná 10 duine. Tá roinnt cuideachtaí móra iomráiteacha lonnaithe i gCiarraí (Fexco, Liebherr, Kerry Group, Astellas) a sholáthraíonn fostaíocht shubstaintiúil i gcomhair an chontae. Soláthraíonn Léaráid 5 foramharc ar mhéid na bhfiontar gníomhach sa chontae de réir thuarascáil 2018 na POS.

Léaráid 5. Líon na bhfiontar gníomhach de réir méide - Ciarraí - POS 2018




Líon foirne	2018
Faoi bhun 10	8148
10 – 19	350
20 – 49	194
50 – 249	86
250 +	10

CEISTEANNA LE BREITHNIÚ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS FOLLÁINE

Tá sé tuartha go mbeidh an geilleagar agus leibhéal na fostaíochta i gCiarraí buailte go dona ag an ngéarchéim COVID-19. Ós rud é go dtéann leibhéal na fostaíochta i bhfeidhm go mór ar an tsláinte, tá sé tábhachtach go ndéanfar gach iarracht chun freagairt ar na dúshlán gheilleagracha a bheidh os comhair Chiarraí agus chun tacú le sláinte mheabhrach agus folláine na foirne. Ar an iomlán, tacóidh Clár Chiarraí Sláintiúil le straitéisí a fheabhsóidh an fholláine sa láthair oibre agus le linn do dhaoine a bheith ag déanamh na cianoibre.

Stracfhéachaint ar Leagan Amach an Chontae

DÉIMEAGRAFAIC



Is contae tuaithe é Ciarraí don chuid is mó - tá

- 65% de chónaitheoirí Chiarraí ag maireachtaint i gceantair inarb é an daonra ná 1,500 nó níos lú ná si

Tá an dara daonra is sine ag Ciarraí as contaetha uile na hÉireann




Tá an éagsúlacht náisiúnta agus eitneach ag méadú i gCiarraí



Eochairimní is ea braistintí scoiteachta agus uaignis, go háirithe i rith na géarchéime COVID-19

LEAGAN AMACH Ó THAOBH SLÁINTE

Dúirt thart ar cheathrar as gach cúigear i gCiarraí go bhfuil an tsláinte 'go han-mhaith' nó 'go maith' acu



Meastar go mbeidh droch-thionchar ag an ngéarchéim COVID-19 maidir le sláinte agus folláine gach duine atá ag cónaí i gCiarraí




Tá **13.5%** de dhaonra iomlán an chontae faoi mhíchumas agus tá sciar suaithinseach de mhuintir Chiarraí ag tabhairt faoi fheidhm an chúramóra




GEILLEAGAR, FOSTAÍOCHT AGUS STÁDAS SOCHEACNAMAÍOCH


Tá leibhéal na luathfhágála scoile laghdaithe, agus tá an freastal ar an oideachas tríú leibhéal méadaithe i gCiarraí



Tá sé tuartha go mbeidh an geilleagar agus an fhostaíocht i gCiarraí buailte go dona ag COVID-19, go háirithe toisc Chiarraí a bheith cleithiúnach ar earnáil na turasóireachta - tá cailliúint iomlán thart ar €1 billiún i ngeilleagar Chiarraí tuartha sa bhliain 2020



Tá Ciarraí aicmithe mar chontae a bhfuil samhail shocheacnamaíoch beagáinín faoi bhun an mheáin aige





Éire Shláintiúil

Ciarraí Sláintiúil



**Cuid C: FÍS, COLÚIN STRAITÉISE AGUS
CUSPÓIRÍ ARDLEIBHÉIL CHUN CIARRAÍ
SLÁINTIÚIL A BHAINT AMACH**

Fís Chiarraí Sláintiúil

Tá an fhís i dtaca le Ciarraí Sláintiúil ag teacht leis an bhfís náisiúnta, gur féidir le gach duine sa chontae taitneamh a bhaint as an tsláinte choirp agus as an sláinte mheabhrach, amhail as an bhfolláine choirp agus as an bhfolláine mheabhrach, chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, áit a bhfuil luach á chur ar an bhfolláine agus tacaíocht á tabhairt don fholláine ar gach leibhéal den tsochaí, chomh maith leis an bhfolláine a bheith mar fhreagracht ar gach duine.

Thionóil Coiste Chiarraí Sláintiúil cruinnithe comhairliúcháin leis na heochairpháirtithe leasmhara i Mí an Mheithimh 2019 chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an fhís seo a chur i gcrích. Tá cáil ar an gcontae as an bhfeabhas atá bainte amach aige maidir le spórt, na healaíona, an cultúr, an timpeallacht thógtha agus an timpeallacht nádúrtha, rudaí atá in úsáid chun sláinte agus folláine a chur chun cinn i gCiarraí. Aithníodh sna cruinnithe comhairliúcháin go raibh a lán oibre ar siúl cheana i gCiarraí chun aghaidh a thabhairt ar éagothromais sláinte agus chun sláinte agus folláine a chur chun cinn. Tríd an bpáirt láidir atá á glacadh ag bearta idirghníomhaireachta, bearta deonacha agus bearta faoi threoir an phobail, tá cleachtais i bhfeidhm a bhfuil feabhas á chur acu ar cháilíocht na beatha agus is sócmhainn thábhachtach atá anseo i dtaca leis an tsláinte agus i dtaca leis an bhfolláine sa chontae. Oibríonn go leor eagraíochtaí poiblí, príobháideacha, pobail agus deonacha le chéile chun sláinte agus folláine a chur chun cinn ar mhaithe le haoisghrúpaí agus riachtanais éagsúla sa chontae. Agus é ag tógaint ar an ndúshraith láidir seo, féachann Creat Chiarraí Sláintiúil le haitheantas a thabhairt do na sócmhainní sláinte agus folláine sa chontae agus tacú le gach earnáil den tsochaí chun oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun sláinte agus folláine a chur chun cinn i gCiarraí ar feadh thimthriall na beatha.

Aontaíodh sna cruinnithe comhairliúcháin gur chóir go leagfaí príomhbhéim Chreat Chiarraí Sláintiúil ar an dtacaíocht reatha do shláinte an phobail agus d'fholláine an phobail i gCiarraí agus go spreagfaí cur chuige i dtreo na comhpháirtíochta chun cothú breise a dhéanamh ar an bhfolláine ar feadh thimthriall na beatha. I gcoitinne, is féidir sláinte agus folláine an phobail a chur chun cinn tríd an gcomhar leis na heochairpháirtithe leasmhara, tríd an maoiniú a mhéadú a oiread agus is féidir, agus trí neartú agus luach breise a chur leis na cláir agus tionscadail atá ann cheana. Moladh dhá straitéis sa bhreis sna cruinnithe seo chun sláinte agus folláine a chur chun cinn. Áirítear leo seo sláinte agus folláine a chur chun cinn sa láthair oibre agus trí chreata áitiúla beartais. Sainithníodh na trí réimse tosaíochta seo trí chruinnithe comhairliúcháin sa bhliain 2019, ach is follas, áfach, i rith na paidéime COVID-19 reatha, gur tábhachtaí ná riamh é tacú le sláinte agus folláine, agus sláinte agus folláine a chur chun cinn, sa phobal, sa láthair oibre, le linn do dhaoine a bheith ag déanamh na cianoibre agus trí chreata beartais. Dá réir sin, is iad na trí réimse tosaíochta den Chreat seo um Chiarraí Sláintiúil (2021-2027) ná:

1. Pobail Shláintiúla
2. Folláine sa Láthair Oibre / An Chianobair
3. Creata Beartais

Sa chéad chuid eile, cuirtear foramharc ar fáil maidir leis na coincheapa faoi na trí cholún straitéise agus cuspóirí ardleibhéil Chreat Chiarraí Sláintiúil. Sainithníodh cuspóirí ardleibhéil Chreat Chiarraí Sláintiúil de bhun an athbhreithnithe ar leagan amach an chontae i gCuid B.


Colún Straitéise 1: Pobail Shláintiúla

Ón uair go bhfuil a lán tacaíochta ann don tsláinte agus don fholláine sa chontae cheana, féachfaidh an colún straitéise seo ar dtús le haitheantas a thabhairt do na sócmhainní sláinte agus folláine sa chontae. Ar an dara dul síos, féachfaidh an colún straitéise seo le tacú le gach earnáil den tsochaí oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun sláinte agus folláine a chur chun cinn i gCiarraí ar feadh thimthriall na beatha. Agus sláinte agus folláine an phobail á gcur chun cinn, cuirfear an bhéim ar oibriú le pobal seachas do phobal. Is í an réasúnaíocht leis an gcur chuige seo faoi threoir an phobail ná go bhfuil an comhar leis an bpobal ar cheann de na prionsabail chun pobail shláintiúla rathúla a thógaint. Aithníodh freisin go bhfuil an cur chuige seo éifeachtach chun áiteanna sláintiúla rathúla a thógaint mar díríonn sé ar thosaíochtaí a shainaithin an pobal, saothraíonn sé muinín le linn an cheannaireacht sa pobal a neartú agus a fhorbairt. Tabharfar tosaíocht d'fhíseanna agus tosaíochtaí sláinte agus folláine a bheidh sainaitheanta ag eagraíochtaí pobail áitiúla, deonacha agus spóirt.

Díreoidh an colún straitéise 'Pobail Shláintiúla' ar aitheantas a thabhairt do na sócmhainní sláinte agus folláine sa chontae agus tacú le gach earnáil sa tsochaí oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile chun cothú breise a dhéanamh ar an bhfolláine i gCiarraí ar feadh thimthriall na beatha.

Aithníodh na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas chun tacú le colún straitéise na bPobal Sláintiúil:

- Líonraí láidre gaolmhaireachtaí a thógaint sa phobal (mar shampla: teaghlach, cairde, comhghleacaithe, comharsana) chun coitiantacht an uaignis agus na scoiteachta sóisialta a laghdú, go háirithe i gceantair thuaithe
- Na gaolmhaireachtaí i gcomharsanachtaí agus sa phobal i gcoitinne a fheabhsú trí thacú le tionscnaimh sláinte agus folláine idirghlúine agus idirchultúrtha a spreagann na mothúcháin dhearfacha, an rannpháirtíocht, an bhrí agus an ghnóthachtáil
- Maoiniú agus tionscadail a dhíriú chun tacú le sláinte agus folláine bun-spríocghrúpaí Chiarraí.



Léaráid 6. Líníocht de 'Phobal Sláintiúil' ag cruinniú comhairliúcháin Chiarraí Sláintiúil, Meitheamh 2019


Colún Straitéise 2: Folláine sa Láthair Oibre / An Chianobair

Is eol dúinn go dtéann an fhostaíocht i bhfeidhm go díreach ar an tsláinte agus go bhféadfaidh sí imirt go neamhdhíreach ar shláinte agus ar fholláine an phobail i gcoitinne. Tá sé tuartha go raghaidh an ghéarchéim COVID-19 chun dochair don gheilleagar agus do leibhéal na fostaíochta i gCiarraí. Tá aghaidh á tabhairt ag an earnáil turasóireachta agus fáilteachais - an cohórt fostaíochta is mó i gCiarraí - ar thréimhse atá rí-dhothuartha agus dúshlánach mar gheall ar ghéarchéim COVID-19. Ar fud an chontae, tá éiginnteacht mhór ar mhórán fostóirí agus fostaithe maidir le todhchaí a ngnólachtaí agus a bpost. Laistigh de thamall gairid, b'éigean d'fhostóirí agus d'fhostaithe raon leathan saincheisteanna casta a ionramháil agus a réiteach, amhail dhífhostaíocht shealadach, seachtainí ciorraithe oibre nó obair lánaimseartha a dhéanamh ón mbaile. Bhí ar mhórán daoine a gcuid oibre a chothromú le freagrachtaí eile mar chúram leanaí nó tacú le gaolta níos sine. Dá bhrí sin, beidh gá ar leith le hacmhainní a thacóidh le sláinte agus folláine sa láthair oibre, agus é sin a bheith déanta le linn a bheith ag obair go cianda sna blianta amach romhainn.

Féachfaidh an colún straitéise 'Folláine sa Láthair Oibre / An Chianobair' le tionscnaimh sláinte agus folláine foirne a chur chun cinn agus tacú leo sna blianta amach romhainn.

Faoin gcolún straitéise seo, áirítear leis an gcuspóir ardleibhéal:

- Tacú leis na heagraíochtaí áitiúla forbairt a dhéanamh ar láithreacha sláintiúla oibre agus ar chlár folláine láithreach oibre i suíomhanna éasgúla, mar shampla: an chianobair.



Léaráid 7. Líníocht d'Fholláine sa Láthair Oibre' ag cruinniú comhairliúcháin Chiarraí Sláintiúil, Meitheamh 2019

Colún Straitéise 3: Creataí Beartais

Le cúpla bliain anuas, tá obair shuntasach déanta i gcomhairle leis an bpobal trí bheartais agus trí pleananna náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt. Tá coiste Chiarraí Sláintiúil agus Coiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP) Chiarraí san áit cheart chun riachtanais agus saincheisteanna na háite a thuiscint chomh maith leis na sócmhainní agus na líonraí atá uathúil ag Chiarraí chun sláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí i gCiarraí a chur chun cinn agus a fheabhsú.

I measc na mbeartas agus na bpleananna náisiúnta tá na cinn seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh siúd, Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025), An Chianobair a Éascú: An Straitéis Náisiúnta um Chianobair (2021), An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta (2021-2025), Éire Atá Saor Ó Thobac (2013), An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach (2015), An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp (2016), Beartas Murtaill "Meáchan Sláintiúil d'Éirinn" (2016), Dochar a Laghdú, Tacú le hAisghabháil - treorfhreagairt sláinte maidir le húsáid drugaí agus alcóil in Éirinn (2017) agus an Straitéis Náisiúnta chun Éire a Ghríosadh Chun Siúl (2017). Agus béim á leagan ar chur i bhfeidhm na bpleananna seo, aithnítear go gcaithfear na beartais agus na pleananna seo a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil.

Tá beartais agus pleananna saothraithe trí chomhairliúchán poiblí a dhíríonn go sonrach ar riachtanais áitiúla. I measc na mbeartas agus na bpleananna áitiúla maidir le sláinte agus folláine tá na cinn seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh siúd: Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí (2016-2021), Plean Forbartha Chontae Chiarraí (2015-2021), COMPASS - Plean Forfheidhmiúcháin um Éire Shláintiúil (2018-2022), Ceangail ar Feadh an tSaoil - Plean Gníomhaíochta Chiarraí (2017-2020), Straitéis Aoisbhá Chiarraí (2018-2022), Tuarascáil Rochtana do Chách ar Inrochtaineacht gContae Chiarraí (2019), Plean Straitéiseach PSÁC (Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí) (2017-2022), Straitéis Chiarraí um Éire Ildánach (2018-2022), agus Plean CSLDÓ (Coiste na Seirbhísí do Leanáí agus do Dhaoine Óga) Chiarraí (2018-2020). Tá sé de rún ag Clár Chiarraí Sláintiúil cabhrú le le cur i bhfeidhm na mbeartas agus na bpleananna sláinte agus folláine áitiúla agus tacú leo sin.

Féachfaidh an colún straitéise 'Creataí Beartais' le tacú le beartais agus pleananna áitiúla agus náisiúnta a chur i bhfeidhm i gCiarraí. Cabhróidh sé freisin le beartais agus pleananna áitiúla nua a fhorbairt.

Is iad na cuspóirí ardleibhéil faoi cholún straitéise na gCreataí Beartais ná:

- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh straitéisí agus beartais áitiúla sláinte agus folláine uilechuimsitheach
- Beartais a fhorbairt lenarb ionann an rogha is sláintiúla an rogha is fusa
- Deimhin a dhéanamh de go ndéanfar iarmhairtí féideartha beartas áitiúil agus pleananna áitiúla ar shláinte agus folláine an phobail a mheas ó thaobh iad a fhorbairt agus a ghlacadh.



Éire Shláintiúil Ciarraí Sláintiúil



**CUID D: CUR I BHFEIDHM
AGUS FAIREACHÁN**

Is é Coiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP) Chiarraí an bonneagar rialachais a fhoilseoidh Creat Chiarraí Sláintiúil agus na pleananna bliantúla oibre, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar sheachadadh an Chreata sin agus ar sheachadadh na bpleananna sin. Thairis sin, is é CFÁP Chiarraí a bheidh freagrach fós as rialachas foriomlán na n-iarratas ar an gCiste um Éire Shláintiúil agus as riarachán an mhaoinithe. Leanfaidh an tOifigeach Sláinte agus Folláine d'uasdátuithe a chur ar fáil don CFÁP maidir le bainisteoireacht agus riarachán na dtionscadal um Éire Shláintiúil go hiomlán agus maidir le seachadadh Chreat Chiarraí Sláintiúil agus seachadadh na bpleananna bliantúla oibre.

Déanfaidh Coiste Chiarraí Sláintiúil forbairt agus soláthar ar na pleananna bliantúla oibre i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla agus comhairleoirí saineolaíocha chun tacú le cur i bhfeidhm an Chreata seo um Chiarraí Sláintiúil. Na gníomhartha a áireofar leis na pleananna bliantúla oibre, tacóidh siad leis an gClár Náisiúnta Oibre um Éire Shláintiúil agus le cuspóirí ardleibhéil an Chreata seo um Chiarraí Sláintiúil. Beartaítear go mbeidh na gníomhartha seo á maoiniú ag an gCiste um Éire Shláintiúil agus/nó clár mhaoiniúcháin eile agus ag gléasraí an tseachadta áitiúil a thacaíonn leis an meon um Éire Shláintiúil. Ina theannta sin, áireofar leis na pleananna bliantúla oibre gníomhartha spriocdhírthe chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromais sláinte i measc na ndreamanna faoi mhíbhuntáiste agus i measc na bpobal faoi mhíbhuntáiste i gCiarraí.



BALLRAÍOCHT

Ballraíocht Choiste Chiarraí Sláintiúil (Baill Reatha)

Ainm	Eagraíocht
An Dr. Ailis Brosnan	Oifigeach Sinsearach um Chothú Sláinte, Sláinte & Folláine - Cúram Sláinte Pobail i gCorcaigh agus i gCiarraí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
Cora Carrigg	Comhordaitheoir, Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí.
Eimear Foley	Léachtóir sa Roinn Staidéar Sláinte agus Fóillíochta, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.
An Dr. Deirdre Hegarty	Oifigeach Sláinte agus Folláine, Comhordaitheoir Chiarraí Sláintiúil, Comhairle Contae Chiarraí.
Dolores McElligott	Oibrí Pobail, Cúram Sláinte Pobail i gCorcaigh agus i gCiarraí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
Liz O'Donnell	Oifigeach Riaracháin, Comhairle Contae Chiarraí.
Niamh O'Sullivan	Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Príomh-Oifigeach Choiste Forbartha Áitiúla Pobail (CFÁP) Chiarraí, Comhairle Contae Chiarraí.
Hilary Scanlan	Bainisteoir um Obair Phobail, Cúram Sláinte Pobail i gCorcaigh agus i gCiarraí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
Caroline Toal	Oifigeach Forbartha, Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chiarraí.

Ballraíocht Choiste Chiarraí Sláintiúil (Iarbhaill)

Ainm	Eagraíocht
Sarah Flaherty	Oifigeach Riaracháin, Comhairle Contae Chiarraí.
An Dr. Michael Hall	Ceann na Roinne Staidéar Sláinte agus Fóillíochta, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.
Julianne Lane	Oifigeach Acmhainne chun Féinmharú a Chosc, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
Geraldine McGettigan	Oifigeach Sláinte agus Folláine, Comhairle Contae Chiarraí.
Michelle Mullane	Oifigeach Foirne, Comhairle Contae Chiarraí.
Helena Switzer	Oifigeach Riaracháin, Comhairle Contae Chiarraí.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Tá an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag tacú leis an gCiste um Éire Shláintiúil.